

## **Ábhar**

## **Cúrsaí Tiomána**

### **Mír Físe**

**Mír nuachta faoi dhlíthe tiomána. Nuacht TG4, 24 Deireadh Fómhair 2011**

### **Téacs**

**Alt le hAilbhe Ní Ghearbhuigh. *The Irish Times* 11 Bealtaine 2010**

**Le caoinhead ó *The Irish Times* agus ón údar**

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar an téacs d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



# Cúrsaí Tiomána

## Réamhobair

Beidh tú ag léamh ailt faoi chúrsaí tiomána agus ag féachaint ar mhír nuachta faoi dhlíthe tiomána. Ach ar dtús déan an réamhobair thíos.

- An bhfuil tiomáint agat? Má tá, conas a d'fhoghlaim tú í? Cad í an ghné is deacra den tiomáint don fhoghlaim? Pléigh.
- Cad iad na rudaí is mó a chuireann isteach ort a dhéanann (i) tiománaithe; (ii) coisithe; (iii) rothaithe? Pléigh agus ansin déan liosta a bheadh oiriúnach d'iris na mac léinn leis an gceannteideal 'comhairle do choisithe' nó 'comhairle do thiománaithe' nó 'comhairle do rothaithe'.
- Dá mbeadh ort foirm iarratais a líonadh le haghaidh scrúdú tiomána an lorgófa an fhoirm sin i nGaeilge nó i mBéarla? Cén fáth?

## Éisteacht agus Léamh

- Féach ar an tuairisc nuachta faoi na rialacha do thiománaithe. Tar éis féachaint ar an tuairisc, freagair an cheist thíos.

Cén fáth a luaitear na figiúirí seo a leanas sa tuairisc?

1,500  
80 mg  
50 mg  
20 mg  
€200  
€400  
100 mg  
€5,000  
7,000  
500

- Anois léigh an t-alt agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

Conas a dhéanfá cur síos ar stíl an phársa scríbhneoireachta seo?

Cad iad na leideanna san alt a chuireann canúint na Mumhan in iúl?

Cad iad na tagairtí do litríocht na Gaeilge a dhéantar san alt? An bhfuil cur amach agat ar na tagairtí áirithe sin? Conas a bhaineann údar an ailt úsáid astu chun cur lena halt?

## Feasacht Teanga

- Cuir na focail agus na frásaí seo in abairtí a léiríonn a mbrí:

i bhfad Éireann  
ina bheathaidh  
iachall  
scagadh  
ag gabháil do  
ag fánaíocht  
raidhse  
i ngeall ar  
ar aire  
féith  
ag teannadh

- ‘...an tiománaí ba *mheasa*...’

Cuir an struchtúr céanna i bhfeidhm ar na haidiachtaí seo:

contúirteach, dainséarach, cáiliúil, maith, deas, gránna, beag, mór, ard, íseal, feiceálach.

- ‘bard ar bord’

Cén fáth nach bhfuil séimhiú tar éis an réamhfhocail ‘ar’ thuas? Pléigh agus bain amach na lúibíní sna focail thíos.

ar (bord loinge)  
tá an aiste thall ar (bord Mháire)  
níl aon smaointe ar (páipéar) agam fós  
tá árasán ar (cíos) agam  
tá árasán agam ar (cíos) an-daor  
cuirfidh mé an ticéad ar (ceal)  
caithfidh mé dul ar (sochraid)  
rinneamar plé ar (socrú) sásúil  
post ar (conradh) an post seo  
tá post aici ar (conradh) bliana

- An bhfuil Gaeilge agat ar na frásaí seo?

a percentage  
20% of young people  
a small percentage of drivers  
the average driver  
the cost of insurance has gone up 10%  
they are hoping for a 15% rise  
two thirds of young people  
a third of drivers

- Léigh an sliocht seo as suíomh gréasáin an Choimisinéara Teanga ([www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie)) agus freagair na ceisteanna:  
Cad atá á rá sa sliocht? Tabhair achoimre ghearr.  
Cén ghné den ghramadach atá sna focail i gcló trom?

Tá úsáid na Gaeilge ar chomharthaí tráchta na tíre ar an léiriú is **feiceálaí** de pholasaí an stáit i leith ár dteangacha oifigiúla, Gaeilge agus Béarla. Caithfidh údaráis **bhóithre** na tíre cloí leis na dualgais atá leagtha orthu maidir le húsáid na dteangacha sin ar chomharthaí tráchta faoin Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta/*Traffic Signs Manual*.

Is forálacha d'achtachán a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge iad na forálacha faoin nGaeilge ar chomharthaí tráchta sa Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta. Fágann sin go bhfuil údarás reachtúil ag an gCoimisinéir Teanga gearáin a fhiosrú maidir le fadhbanna le húsáid na Gaeilge nó easpa Gaeilge ar chomharthaí tráchta.

Má fheictear duit go bhfuil comharthaí tráchta curtha in airde ag na húdaráis bhóithre nach bhfuil ag teacht leis na forálacha **reachtúla**, is féidir leat gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Teanga ar an bhfoirm **ghearáin**.

Le caoinchead ó Oifig an Choimisinéara Teanga. [www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie)

- Pléigh na ráitis seo:
  - o Níor cheart go mbeadh scrúdú teoirice i gceist sa scrúdú tiomána.
  - o Tá sé ceart go leor deoch nó dhó a bheith agat agus tú ag tiomáint.
  - o Ní bheadh aon fhadhb agam tiomáint ar mhótarbhealach agus mé i mo thiománaí faoi oiliúint.
  - o Is ceart táillí árachais níos airde a ghearradh ar thiománaithe óga fir.
  - o Is cur amú airgid é a bheith ag aistriú comharthaí bóthair go Gaeilge.

## Téacs

Dhein Seán Ó Ríordáin cairdeas liom ar Facebook. Cuma liom é a bheith mar mhéit agam sa chibearspás ach níor mhaith liom bualadh leis ar an mbóthar.

Ba é an Ríordánach an tarna tiománaí ba mheasa a chuaigh go Corca Dhuibhne. File eile, Michael Davitt, a thug seo le fios ina dhán, ‘Faobhar na Faille Siar in Anglia Sheáin Uí Ríordáin’. Tacaíonn an méid seo le teoiric s’agamsa, ’sé sin, nach bhfuil filí na hÉireann in ann tiomáint.

Nuair a bhíonn na déithe ag dáileadh buanna orainn sara dtagaimid ar an saol, ní mór dóibh rogha a dhéanamh – cé acu cumas tiomána a bhronnadh ar dhuine nó féith na filíochta.

Deineadh suirbhé i measc céatadáin mhóir d’fhillí na tíre – idir fhillí Béarla agus fhillí Gaeilge – agus fuarthas amach nach raibh tiomáint ag 67.5 faoin gcéad acu. Admhaíonn 54 faoin gcéad acu san go mbíonn siad ag brath ar pháirtí nó lucht adhartha chun a dtóin fhileata a thabhairt timpeall.

Tá 3.5 faoin gcéad curtha den mbóthar i ngeall ar ólachán. Rud a fhágann go bhfuil tuairim is 30 faoin gcéad d’fhillí na tíre seo fós ag tiomáint thart agus iad ag cur a saoil, agus, go deimhin, do shaolsa, i mbaol. Caithfear iad a stop.

Agus is gá dúinne, pobal na hÉireann, a bheith ar aire. Anois agus an samhradh ag teannadh linn, tá an chontúirt ag géarú. Beidh grúpaí filí ag teacht le chéile fud fad na tíre agus beidh cuid acu ag tiomáint.

Ba chóir go gcuirfeadh lucht AA Roadwatch fógra amach nuair a bhíonn féile filíochta ar siúl ionas gur féidir linne an baol a sheachaint. I Lios Tuathail, i mBéal Átha na mBuillí, i nGaillimh, i nDún Laoghaire agus áiteanna eile nach iad – ní mór dúinn ball dubh an dainséir a fhógairt.

An mbeifeása sásta dul ag tiomáint siar agus file laistiar den stiúir? Bheadh éinne againn giodamach agus sinn á scuabadh isteach ’on Daingean, an file ag féachaint timpeall uirthi ar Loch Geal is ar Chnocán Éagóir, gan a haigne a dhíriú ar an diabhal bóthair!

Nuair a bhíonn Seamus Heaney ag tiomáint, aithníonn a bhean Marie go bhfuil dán ag teacht chuige mar go dtosaíonn sé ag cnagadh ar an roth stiúrtha lena chuid méar. B’fhearr liom féin dá dtiocfadh na béithe ar cuairt fad is a bheadh an chairt ina stad, ach tagann na béithe nuair is mian leo.

Uaireanta is é an gluaisteán féin an t-ábhar tinfidh ag filí ar dhán. Is é mianach ainrialach an tseanchairr a bhfuil meas ag Bidy Jenkinson air: ‘an 2cv gan aon choscán / gan aon ghiar cúlaithe / ar an mbóthar cúng.’

Ní haon chomhtharlú go mbíonn formhór d’fhillí na tíre ag tiomáint thart i seanchairteanna, agus gur minic iad gan aon choscán, ba dhóigh leat. Ní hamháin san ach bíonn braistint ainrialach ag baint lena n-(éag)cumas tiomána freisin. Cacann an 2cv ‘stair’ i ndán Jenkinson ach tá anailís fós ar bun ag léirmheastóirí ar bhualtrach na mbard.

Tá raidhse fianaise starógaí den chontúirt a bhaineann le filí ar an mbóthar. Ina measc, file óg, nach féidir a hainm a lua, a bhain doras de veain agus í ag tiomáint idir dhá léamh filíochta, ceann ar an mBuailtín agus ceann eile ag Scoil Merriman in Inis. A laghad cúraim!

Agus ná tosaímis ar fhilí ar na bóithre ina gcoisithe. A gceann san aer ag fánaíocht thart ar thóir inspioráide, ag déanamh iontais de lus an chroim chinn agus ag síorthóraíocht meafar. Leagfaidís thú mara ngéillfeá slí dóibh. Ní chionn filí coisithe eile, faoi mar a d'admhaigh Liam Gógan: 'I gcoim na hoíche cloisim iad/Na coisithe ar siúl;/Airím iad, ní fheicim iad,/Ní fios cá mbíonn a gcuaird.'

B'fhéidir go mba chóir preimh árachais níos mó a ghearradh ar fhilí. An mbíonn tú ag gabháil don bhfilíocht? Cé chomh minic? An ritheann smaointe fileata leat agus tú ag tiomáint? Nó d'fhéadfaí iachall a chur orthu fógra beag a chur in airde ar a gcarr: 'Bard ar bord' nó a leithéid.

Dá mbeadh Seán O Ríordáin fós ag obair san oifig cheadúnas tiomána, d'fhéadfadh sé na filí maithe a scagadh ón ndríodar ach sampla saothair a chur ar fáil dó. Dar ndóigh, dá fheabhas an file is ea is measa é an tiománaí, mar a deir an seanfhocal.

Tá 1,072 cara ag an Ríordánach anois ar Facebook, i bhfad Éireann níos mó ná mar a bhí aige agus é ina bheathaidh. B'fhéidir nár stad inneall an ghluaisteáin ina chás siúd. B'fhéidir go bhfuil sé fós ag tiomáint faobhar na faille siar ina shean-Anglia amuigh faoin gcibearspás. Cá bhfios?

Ailbhe Ní Ghearbhuigh: *The Irish Times*, 11 Bealtaine 2010. Le caoinchead ó *The Irish Times* agus ón údar.

# Téipscript

## Caoimhe Nic Conchoille

Tá roinnt athruithe i ndán do lucht tiomána na tíre an tseachtain seo. Tá athrú déanta ar an tástáil teorice tiomána, chomh maith le hathrú fosta ar an méid alcóil is ceadmhach do dhaoine a bheidh ag tiomáint a ól.

## Máire Treasa Ní Cheallaigh

Tá athrú ar an tástáil teorice tiomána ó inniu. Fanfaidh leagan amach an scrúdaithe mar atá, ach go mbeidh ceisteanna nua ann agus go bhfuil athrú ar chuid eile acu. 1,500 ceist ar fad anois a bheidh le clúdach. Deir an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre go gcinnteoidh sé seo go mbeidh tiománaithe níos ullmhaithe le dul chun bóthair.

## Peadar Ó Ceallaigh

Níl ann ach bunchloch agus is bunchloch mhaith í\*. Is dóigh go dtabharfaidh daoine níos mó airde anois air. Roimhe seo bhíodh siad ag foghlaim de ghlanmheabhair na ceathracha ceist. Choinníodh siad ag dul timpeall ar an dlúthdhiosca arís agus arís eile agus bheadh chuile cheist nó chuile fhreagra acu ar chuile cheist sa deireadh, ach beidh sé níos deacra é sin a dhéanamh le 1,500. Agus tá níos mó airde freisin sa leabhar nua, feictear dom, ar chontúirtí a aithneachtáil ar an mbóthar agus déileáil leis an gcontúirt. Is dóigh níos mó airde freisin ar na comharthaí bóthair a aithneachtáil agus a léamh.

## Máire Treasa Ní Cheallaigh

Tá athrú freisin ar dhlíthe a bhaineann le halcól agus le tiomáint. Ó mheán oíche Déardaoin seo chugainn, beidh laghdú ar an méid alcóil a bheidh cead a ól, ó 80 mg go 50 mg in aghaidh céad millilítear fola. Sin beagán níos lú ná pionta beorach. Iadsan atá fós faoi oiliúint nó ar tiomáint an tslí bheatha atá acu, 20 mg is mó a bheidh ceadaithe dóibhsean. An té a bheidh beagán os cionn na teorann 50 mg, beidh sé de chead ag Gardaí trí phointe pionóis agus fineáil €200 a ghearradh orthu. Gearrfar fineáil €400 ar an té a mbeadh idir 80-100 mg alcóil in aghaidh céad millilítear dá gcuid fola agus cuirfear den bhóthar iad ar feadh sé mhí. Má bhíonn tiománaí os cionn 100 mg caithfear dul chun cúirte. Cuirfear den bhóthar ar feadh bliana ar a laghad iad agus d'fhéadfaí fineáil suas le €5,000 a ghearradh orthu. Dar le Cónaidhm Fíoncheannaithe na hÉireann scaoileadh le 7,000 fostaí san earnáil anuraidh agus tá 500 teach ósta ar a laghad i mbaol a ndúnta sa mbliain amach romhainn.

## Marcus Ó Buachalla

Is cinnte go bhfuil rudaí ar nós an cosc ar thobac agus na rialacha nua seo maidir le tiomáint agus alcól ag cur isteach orainn, agus an rud a bheimis-ne ag iarraidh ar dhaoine agus ag iarraidh ar an rialtas ná b'fhéidir céim siar a thógáil agus féachaint ar na figiúirí sin – sin seacht n-uaire na poist ar fad a cailleadh in Aviva an tseachtain seo caite.

## **Máire Treasa Ní Cheallaigh**

212 duine a maraíodh ar bhóithre na tíre anuraidh – an líon is lú ó tosaíodh ag coinneáil taifead. Tá súil go gcuideoidh na hathruithe atá le teacht i bhfeidhm an tseachtain seo le tuilleadh daoine a shábháil ar na bóithre.

Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4.

\* ‘is bunchloch maith é’ a deirtear